AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 26.6.2014
COM(2014) 386 final

2014/0197 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 ón gComhairle lena dtugtar isteach bearta eisceachtúla trádála do thíortha agus do chríocha atá páirteach i bPróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais an Aontais Eorpaigh nó atá bainteach leis agus lena gcuirtear ar fionraí cur i bhfeidhm an phróisis sin maidir leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin.**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Déantar beartas an AE i leith tíortha ó na Balcáin Thiar a shainiú mar chuid den Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais a sheol an Coimisiún Eorpach i mBealtaine 1999. Le linn cruinnithe i Liospóin an 23 agus an 24 Márta 2000, bheartaigh an Chomhairle Eorpach gur cheart léirscaoileadh trádála neamhshiméadrach a bheith ann sula ndéanfaí Comhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais le tíortha na mBalcán Thiar. Foráiltear do léirscaoileadh trádála neamhshiméadrach le Rialachán (AE) Uimh. 1215/2009 lena dtugtar isteach bearta eisceachtúla trádála do thíortha agus do chríocha atá páirteach sa Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais nó atá bainteach leis. Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 go dtí an 31 Nollaig 2015.

Ó seoladh an Próiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais, tugadh Comhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais i gcrích idir an tAontas agus gach tír sna Balcáin Thiar lena mbaineann, cé is moite den Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus an Chosaiv.[1] In 2003, tugadh aitheantas don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin mar thír is iarrthóir ionchasach d'aontachas don AE agus shínigh sí Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais in 2008, ag glacadh le coinníollacha ballraíochta an AE. Ó shin i leith, tá feidhm ag an gComhaontú Eatramhach ar thrádáil agus ar ábhair a bhaineann le trádáil leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin, go dtí go gcuirfear bailchríoch ar phróiseas daingniúcháin an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Comhlachais.

Ag féachaint do na difríochtaí i raon feidhme na léirscaoilte taraife faoi réir na gcóras conarthach a forbraíodh idir an tAontas agus na rannpháirtithe uile sa Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais agus na fabhair arna ndeonú faoi Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009, moltar cur le tréimhse chur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 go dtí an 31 Nollaig 2020, chun dóthain ama a thabhairt do thairbhithe na mbeart eisceachtúil trádála agus don Aontas Eorpach na fabhair a deonaíodh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 a thabhairt i gcomhréir leis na fabhair a deonaíodh faoi na Comhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais, i gcás inarb iomchuí. In ainneoin an mhéadaithe ar an AE an 1 Iúil 2013, níor chuir an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin in oiriúint na lamháltais trádála arna ndeonú faoin gComhaontú Eatramhach chun an trádáil traidisiúnta fhabhrach idir an Chróit agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin faoi Chomhaontú Saorthrádála Lár na hEorpa (CEFTA) a chur san áireamh. I gcás nach dtagann an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus an tAontas Eorpach ar chomhaontú maidir le hoiriúnú lamháltas trádála, ba cheart fabhair arna ndeonú don Bhoisnia agus don Heirseagaivéin faoi Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 a chur ar fionraí ón 1 Eanáir 2016 amach. A luaithe is a bheidh comhaontú maidir le hoiriúnú na lamháltas trádála atá sa Chomhaontú Eatramhach sínithe agus curtha i bhfeidhm go sealadach ag an mBoisnia agus an Heirseagaivéin agus an tAontas Eorpach, tabharfar ar ais na fabhair sin.

Foráiltear le hAirteagal 21(1) de Chonradh an AE go mbeidh mar threoir ag gníomhaíocht an Aontais ar an ardán idirnáisiúnta na prionsabail sin a spreag a chruthú, a fhorbairt agus an méadú a tháinig air, agus a bhféachann sé lena gcur chun cinn sa domhan mór, lena n-áirítear an daonlathas, an smacht reachta, uilechoitinne agus dodhealaitheacht chearta an duine agus na mbunsaoirsí agus an meas ar dhínit an duine. Ní mór don Aontas na prionsabail sin a urramú agus a chur chun cinn freisin ina ghníomhaíocht sheachtrach, lena n-áirítear a chomhbheartais trádála. Faoi Rialachán (AE) Uimh. 1215/2009 ní thugtar aon deis deonú na mbeart eisceachtúil trádála a chur ar fionraí go sealadach i gcás ina ndéanann lucht a dtairbhe sáruithe tromchúiseacha agus córasacha ar phrionsabail bhunúsacha chearta an duine, an

[1] Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

daonlathais agus an smachta reachta. Is iomchuí deis den sórt sin a thabhairt, lena áirithiú gur féidir gníomhú go mear i gcás sáruithe tromchúiseacha agus córasacha ar phrionsabail bhunúsacha chearta an duine, an daonlathais nó an smachta reachta i gceann de na tíortha nó na críocha atá páirteach i bPróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais an Aontais Eorpaigh nó atá bainteach leis.

Ar deireadh, cuirtear san áireamh coigeartú teicniúil maidir le rochtain Mhontainéagró ar an gcuóta iomlán breise d'onnmhairithe fíona.

## 2. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

Is é Airteagal 207(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh bunús dlí an togra.

## 3. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní chuirfear aon chostais bhreise ar bhuiséad an AE de thoradh an Rialacháin atá beartaithe. Ní bheidh aon chaillteanas breise ioncaim ó tharaifí maidir le táirgí de thionscnamh na dtairbhithe atá ann cheana féin i gcás na mblianta 2015 go 2020. Ní mheastar gur caillteanas ioncaim ó tharaifí é ioncam barúlach a d'fhéadfaí a shaothrú le honnmhairí sa todhchaí.

2014/0197 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 ón gComhairle lena dtugtar isteach bearta eisceachtúla trádála do thíortha agus do chríocha atá páirteach i bPróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais an Aontais Eorpaigh nó atá bainteach leis agus lena gcuirtear ar fionraí cur i bhfeidhm an phróisis sin maidir leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin.

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 ón gComhairle[2] do léirscaoileadh trádála neamhshiméadrach idir an tAontas agus tíortha na mBalcán Thiar agus na críocha lena mbaineann, agus dá bharr sin bíonn de thairbhe acu an rochtain eisceachtúil neamhtheoranta saor ó dhleacht ar mhargadh an Aontais do bheagnach gach táirge acu go dtí an 31 Nollaig 2015.

(2) Faoi Rialachán (AE) Uimh. 1215/2009 ní thugtar aon deis deonú na mbeart eisceachtúil trádála a chur ar fionraí go sealadach i gcás ina ndéanann lucht a dtairbhe sáruithe tromchúiseacha agus córasacha ar phrionsabail bhunúsacha chearta an duine, an daonlathais agus an smachta reachta. Is iomchuí deis den sórt sin a thabhairt lena áirithiú gur féidir gníomhú go mear i gcás sáruithe tromchúiseacha agus córasacha ar phrionsabail bhunúsacha chearta an duine, an daonlathais nó an smachta reachta i gceann de na tíortha nó na críocha atá páirteach i bPróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais an Aontais Eorpaigh nó atá bainteach leis.

(3) Ag féachaint do na difríochtaí i raon feidhme na léirscaoilte taraife faoi réir na gcóras conarthach a forbraíodh idir an tAontas agus na rannpháirtithe uile sa Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais agus na fabhair arna ndeonú faoi Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009, moltar cur le tréimhse chur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 go dtí an 31 Nollaig 2020, chun dóthain ama a thabhairt do thairbhithe na mbeart eisceachtúil trádála agus don Aontas Eorpach na fabhair a deonaíodh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 a thabhairt i gcomhréir leis na fabhair a deonaíodh faoi na Comhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais, i gcás inarb iomchuí.

---

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 lena dtugtar isteach bearta eisceachtúla trádála do thíortha agus do chríocha atá páirteach i bPróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais an Aontais Eorpaigh nó atá bainteach leis (IO L 328, 15.12.2009, Lch. 1).

(4) Foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 do chuóta iomlán onnmhairithe fíona ar a bhfuil na cóid Ainmníochta Comhcheangailte (AC) 220421 93-220421 98 agus 220429 93-220429 98 isteach san Aontas. Beidh an cuóta sin inrochtana ag tíortha agus críocha uile na mBalcán Thiar, cé is moite de Mhontainéagró, nuair a bheidh a gcuóta indibhidiúil ídithe, mar atá leagtha síos ina gComhaontuithe déthaobhacha Cobhsaíochta agus Comhlachais. Níl i gceist sa Phrótacal maidir le fíon a comhaontaíodh le Montainéagró ach cóid Ainmníochta Comhcheangailte ex220410 agus ex220421, nach raibh ar a gcumas a líonadh go n-uige seo. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil rochtain ag Montainéagró ar chuóta fíona saor ó dhleacht do tháirgí nach bhfuil cumhdaithe faoina Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais. Lena áirithiú gur mar a chéile a chaithfear le tíortha agus críocha uile na mBalcán Thiar, is iomchuí an fhoráil a dhéanamh go mbeidh rochtain ag Montainéagró freisin ar an gcuóta iomlán fíona do tháirgí cóid AC 220429, agus gan a bheith orthu a chuóta indibhidiúil a ídiú.

(5) Ó seoladh an Próiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais, tugadh Comhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais i gcrích idir an tAontas agus gach tír sna Balcáin Thiar lena mbaineann, cé is moite den Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus an Chosaiv[3]. I Meitheamh 2013, thug an Chomhairle údarás don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht i gcomhair Comhaontaithe Cobhsaíochta agus Comhlachais leis an gCosaiv.

(6) In 2003 tugadh aitheantas don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin mar thír is iarrthóir ionchasach d'aontachas don Aontas agus shínigh sí Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais ('an Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais') an 16 Meitheamh 2008, ag glacadh le coinníollacha ballraíochta an AE. Ó shin i leith, tá feidhm ag an gComhaontú Eatramhach ar thrádáil agus ar ábhair a bhaineann le trádáil leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin[4] ('an Comhaontú Eatramhach'), go dtí go gcuirfear bailchríoch ar phróiseas daingniúcháin an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Comhlachais.

(7) Go dtí seo níor chuir an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin in oiriúint na lamháltais trádála arna ndeonú faoin gComhaontú Eatramhach chun an trádáil traidisiúnta tosaíochta idir an Chróit agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin faoi Chomhaontú Saorthrádála Lár na hEorpa (CEFTA) a chur san áireamh. Más rud é, faoin tráth a ghlacfar an Rialachán seo, nach bhfuil comhaontú maidir le hoiriúnú na lamháltas trádála atá leagtha amach sa Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais agus sa Chomhaontú Eatramhach sínithe ag an Aontas Eorpach agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus curtha i bhfeidhm go sealadach acu, ba cheart na fabhair arna ndeonú don Bhoisnia agus don Heirseagaivéin a chur ar fionraí ón 1 Eanáir 2016 amach. A luaithe is a bheidh comhaontú maidir le hoiriúnú na lamháltas trádála atá sa Chomhaontú Eatramhach sínithe agus curtha i bhfeidhm go sealadach ag an mBoisnia agus an Heirseagaivéin agus an tAontas Eorpach , ba cheart na fabhair sin a thabhairt ar ais.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 mar a leanas:

[3] Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

[4] Comhaontú Eatramhach ar thrádáil agus ar ábhair a bhaineann le trádáil idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, de pháirt eile (IO L 233, 30.8.2008, Lch. 6).

(1) Cuirtear fomhír (d) a leanas le hAirteagal 2(1):

> "(d) staonadh na dtíortha agus na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 1 ó bheith ag déanamh sáruithe tromchúiseacha agus córasacha ar chearta an duine, lena n-áirítear bunchearta saothair, prionsabail bhunúsacha an daonlathais agus an smachta reachta."

(2) In Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara agus an tríú mír:

> "Beidh feidhm aige go dtí an 31 Nollaig 2020."

(3) In Iarscríbhinn 1 cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (5):

> "(5)Beidh an rochtain ar tharaif-chuóta iomlán ag fíon de thionscnamh Mhontainéagró, a mhéid is a bhaineann sé le táirgí cóid AC 2204 21, faoi réir an taraif-chuóta indibhidiúil dá bhforáiltear sa Phrótacal maidir le fíon a cuireadh i gcrích le Montainéagró a bheith ídithe. Osclaítear an taraif-chuóta indibhidiúil sin faoi Ordú Uimh. 09.1514."

*Airteagal 2*

Cuirtear cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 maidir leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin ar fionraí le héifeacht ón 1 Eanáir 2016.

*Airteagal 3*

1. D'ainneoin Airteagal 2, ní chuirfear ar fionraí cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 maidir leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin, más rud é go síníonn an tAontas Eorpach agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin comhaontú maidir le hoiriúnú an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Comhlachais agus an Comhaontú Eatramhach, roimh an 1 Eanáir 2016, agus go gcuireann siad i bhfeidhm go sealadach é chun aontachas na Cróite don Aontas Eorpach a chur san áireamh.
2. I ghás nach sínítear an comhaontú dá dtagraítear i mír 1 ná nach gcuirtear i bhfeidhm go sealadach é roimh 1 Eanáir 2016, beidh feidhm le Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 arís maidir leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin ón dáta a síníodh comhaontú den sórt sin agus a cuireadh i bhfeidhm go sealadach é.
3. Foilseoidh an Coimisiún fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* a luaithe is a shínítear an comhaontú dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*